

Fógra Príobháideachais Chomhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt



Ag Comhpháirtíocht Spóirt Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.



Scan le hamharc air
Príomhbheartas Príobháideachais

Cabhair ag Teastáil Uait? Conas cód QR a scanadh



Chomhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt

Cén fáth a bpróiseálann Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt sonraí pearsanta?

Próiseálann Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt do shonraí pearsanta chun spórt agus gníomhaíocht choirp a fhorbairt agus a chur chun cinn i gContae an Longfoirt.

Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt?

Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:

- Ainm
- Dáta breithe
- Seoladh Baile
- Seoladh ríomhphoist
- Sonraí airgeadais
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Uimhir theileafóin
- Sonraí sláinte
- Íomhánna a tógadh ó phictiúirí ag imeachtaí nó ceamaraí slándála, b'fhéidir, agus tú ag dul isteach i bhfoirgnimh na Comhairle
- Taifead fostaíochta.



Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Seo iad na trí chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

Staid	Sampla
Tugann tú do thoiliú dúinn d'fhaisnéis a úsáid	Nuair is mian leat a bheith mar chuid de liosta ríomhphoist nó nuair is mian leat páirt a ghlacadh in imeacht spóirt
Tá dualgas dlíthiúil orainn do shonraí pearsanta a phróiseáil	Ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta agus tú ag dul isteach in imeacht
Conradh a chur i gcrích	Deontas spóirt a íoc

Cé leis a roinneann Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt do shonraí pearsanta?

D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- Biúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána
- Teagascóirí
- Spórt Éireann



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND



Má tá tuilleadh sonraí uait faoin gcaoi a láimhseálaimid sonraí i gComhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

Roghanna teagmhála	Sonraí Teagmhála
Guthán	☎ 043 334 4207
Ríomhphost	✉ dpo@longfordcoco.ie

D'úsáideamar treoirilínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú

